| Ríomheolaíocht | **Meitheal Forbartha Cruinniú 6, an 13 Feabhra 2025**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Forbhreathnú ar an tsonraíocht nuashonraithe** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú ar fáil ar na nuashonruithe a rinneadh ar an tsonraíocht ag an gcruinniú roimhe sin, lena n-áirítear inbhainistitheacht an eiseamláirithe agus coincheap na meaisínfhoghlama, TFF2, agus leanúnachas agus dul chun cinn ó Phríomhscileanna go Príomhinniúlachtaí. |
| **Plé uileghrúpa le comhleanúnachas agus inbhainistitheacht a bhaint amach** | Rinneadh roinnt mionathruithe ar fhoclaíocht na sonraíochta chun soiléireacht na dtorthaí foghlama a chinntiú, fáiltíodh roimh Eiseamláiriú athdhréachtaithe agus croí-choincheap na meaisínfhoghlama chomh maith le hionchuimsiú na cibearshlándála mar lionsa i ríomhairí agus an tsochaí. Eagarthóireacht le déanamh ar ghrafaic ar an tsonraíocht le hathruithe déanta ar struchtúr na sonraíochta a léiriú. |
| **Athbhreithniú ar an measúnú ar an obair chúrsa reatha** | Plé ar na torthaí ón Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath. Bhí freagraí dearfacha ó rannpháirtithe maidir le dáta eisiúna níos luaithe, tréimhse ama níos faide le haghaidh chur i gcrích na hoibre, nádúr na hoibre cúrsa agus an ghné ríomhchuidithe den scrúdú scríofa. |
| **Plé ar an gcáipéis ar pharaiméadair mheasúnaithe T3** | Leagadh amach príomhphointí na cáipéise. Bhí plé grúpa ann ar nádúr agus cuspóir, ualú, uainiú, cur i gcrích agus cur isteach, dearadh agus treoir an CMB.<br>Áiríodh na topaicí seo a leanas, tréimhse níos leithne, tréimhse níos giorra, coimre théamach luath agus coimre níos mionsonraithe ina diaidh, an tábhacht a bhaineann le TFFanna ó thaobh rath CMB de, gan an choimre a eisiúint róluath ar eagla go mbainfear an bonn de na TFFanna, 20-30 uair le cur i gcrích, an ról atá ag tuairisc in HTML, agus ualú íosta 40% ach breithniú déanta ar 40+%.<br>Rinneadh breithniú ar líon na n-ábhar eile ag teacht ar bord agus tosca amhail éileamh méadaithe ar sheomraí ríomhaireachta. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirteachas gníomhach sa chruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ar na dréachtábhair don chéad chruinniú eile. Is é an chéad chéim eile ná athbhreithniú a dhéanamh ar an tsonraíocht iomlán agus breithniú a dhéanamh ar na tréimhsí ama do chruinnithe amach anseo agus don chomhairliúchán.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** an 25 Márta 2025 |